

## **An Clár Forbartha do Leabharlann na Gaillimhe 2016 – 2021**

Sa chlár/phlean seo leagtar amach an straitéis agus an plean oibre do na chéad chúig bliana eile. Forbróidh sé ar aon dul le Pleananna Forbartha Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe, ag aithint phleananna corparáideacha, geilleagracha, pobail agus cultúrtha na gComhairlí sin.

Tabharfaidh sé aitheantas do Chaighdeán agus Tagarmharcanna Leabharlanna atá eisithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar chuid de “Deiseanna do Chách, Straitéis Náisiúnta do Leabharlanna Poiblí 2013 – 2017” i gcomhar leis an dá phlean náisiúnta do leabharlanna a tháinig roimhe sin, i.e. an dá thuarascáil *Branching Out*.

Beidh an plean seo faoi threoir na straitéisí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus déanfaidh sé a dhícheall corprú a dhéanamh ar na caighdeán chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr do leabharlanna poiblí, mar atá imlínithe ag comhlachtaí aitheanta mar IFLA agus UNESCO.

Beidh na pleananna ábhartha soláthair seirbhísí ag teacht leis an bplean seo.

### **Fís do Sheirbhís Leabharlainne na Gaillimhe**

**Seirbhís phoiblí leabharlainne a chur ar fáil don phobal ina iomláine. Tá leabharlanna poiblí ar fáil don uile dhuine gan aon eisceacht agus beidh ár ngníomhaíochtaí lárnaacha ag díriú ar phobail inbhuanaithe a thógáil, comhpháirtíochtaí a bhunú, cothú a dhéanamh ar an bplé agus eolas a roinnt lena chéile ar bhealach oscailte neamhbhreithiúnach.**

*Seo é ráiteas misin Chomhairle Chontae na Gaillimhe:*

*“Caighdeán maireachtála mhuintir na Gaillimhe a fheabhsú agus an Contae a choimeád mar áit tharraingteach agus uathúil le maireachtáil ann, le bheith ag obair ann, le hinfheistiú ann agus le cuairt a thabhairt air.”*

Agus Chomhairle Chathair na Gaillimhe:

*“Fáil a chur ar bhealach daonlathach agus follasach ar sheirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha a fheabhsóidh Gaillimh mar áit le cónaí ann, le bheith ag obair ann agus le cuairt a thabhairt air.”*

### **Misean Leabharlanna na Gaillimhe**

*“Go mbeadh gach ceann dár leabharlanna ina lárionad solais agus foghlama ina gceantar” \**

\*Aistriúchán ar fhocail Mhichíl Mhic Dháibhéid agus é ag scríobh sna 1880idí, ag argóint gur cheart do gach údarás áitiúil glacadh leis na hachtanna um leabharlanna áitiúla, agus tá an tuairim sin ábhartha go fóill dár leabharlanna brainse san aonú céad agus fiche.

## An Leabharlann Bhrainse

Níos mó ná aon fheidhm eile den rialtas áitiúil, is dócha, tá leabharlann phoiblí na linne seo nasctha go dlúth lena cúlraí stairiúla ag an traidisiún, ag nósmaireacht agus go fiú ag an dlí. Tá an leabharlann nua-aimseartha tagtha as institiúid atá buanaithe go daingean sa traidisiún. Tagann an focal “leabharlann” as a bhfocal Laidine do leabhar, Liber, ar aon dul leis an mbealach a dtagann bibliotheque (leabharlann) ón bhfocal Gréagach biblios (leabhar), rud a léiríonn an ársacht uasal a bhaineann leis an leabharlann dhaonlathach phoiblí. Téann traidisiún na bhfocal seo agus na hinstitiúidí a shainíonn siad siar sna cianta. Ach fós féin, tá bunús spioradálta agus croílár na leabharlainne fanta mar a bhí. Is ionann é inné, inniu agus amárach, agus tá sé ar cheann de na nithe is luachmhaire ar domhan. Eolas is ea an croílár; eolas an domhain atá caomhnaithe, a bhfuil meas air agus atá curtha ar fáil, níos mó agus níos mó, i bhfoirmeacha úsáideacha agus inrochtana do na daoine.

Is cuma cá bhfuil sí suite, tá gach leabharlann phoiblí ina saoráid oideachasúil agus chultúrtha atá iontach tairbheach. Do mhóramh ollmhór an phobail, is trína leabharlann phoiblí áitiúil atá an bealach is sciobtha agus is éasca chun a theacht ar an smaointeoireacht is fearr ar domhan.

Ba chóir go mbeadh gach ceann dár leabharlanna, ón gceann is mó i gCathair na Gaillimhe go dtí an leabharlann bhrainse is lú faoin tuath, lonnaithe i bhfoirgneamh a bhfuil a dheardh lasmuigh agus a leagan amach laistigh ina léiriú fírinneach ar idéil agus ar chuspóirí na seirbhíse leabharlainne, agus a mbeidh gach duine ríméadach a theacht chuige, agus freisin nuair a bheidh daoine ag lorg an tsuaimhnis go bhfaighidh siad ann é agus é curtha ar fáil go tuisceanach.

I ngach leabharlann bhrainse, beimid ag iarraidh timpeallacht a chruthú a thabharfaidh spreagadh do phatrún foghlamtha fad saoil agus do thaitneamh a bhaint as léitheoireacht. Beidh gach leabharlann bhrainse ina acmhainn ina bhfuil saorchead ag daoine aonarach a foghlaim faoi aon ábhar, measúnacht a dhéanamh air ó aon saghas tuairime, agus a theacht ar a gcinneadh féin faoi. Ba chóir go mbeadh rochtain ag gach léitheoir ar leabharlann phoiblí, nó ar ionad stoptha leabharlainne taistil, agus ba chóir go mbeadh sé nasctha le hacmhainní iomlána an chontae agus trí Chóras Bainistithe Leabharlainne comhroinnte agus teicneolaíochtaí eile leis an saol mór leabharlainne.

## Cúlra agus Traidisiún

### Cuntas ar Ghailimh

Tá Gaillimh lonnaithe ar chósta thiar na hÉireann i gcúige Chonnacht agus cuimsíonn sé achar de 6,148 km<sup>2</sup>. Tá Contae Mhaigh Eo lonnaithe ó thuaidh de, Contaetha Ros Comáin agus Uíbh Fhailí ar an taobh thoir, Contae Thiobraid Árann ar an taobh thoir theas agus Contae an Chláir ó dheas. Is iad na teorainneacha nádúrtha atá aici ná Cuan na Gaillimhe ar an taobh thiar, Abhainn na Sionainne ar an taobh thoir agus Loch Deirgeirt ar an taobh thoir theas.

Tá Gaillimh ar an dara contae is mó sa tír agus tá a daonra scaipthe amach thar réimse leathan. Tá breis agus 100,000 i lár an chontae mórthimpeall Chathair na Gaillimhe. Dar le Daonáireamh 2011, bhí daonra de 75,529 sa chathair agus daonra iomlán de 250,653 sa chontae agus sa chathair le chéile.

Tá an contae aitheanta as a tírdhreach éagsúil nádúrtha ina bhfuil réimse iontach sléibhe réigiún Chonamara siar ó Abhainn na Coiribe, tailte saibhre feirmeoireachta ar an taobh thoir agus ceantar aolchloiche níos éagsúla ar an taobh ó dheas. Téann na tréithe topagrafacha sin i gcomhar lena chéile chun a tírdhreach éagsúil sáráilleachta a thabhairt do Ghailimh.

Tá daonra fuinniúil agus éagsúil de bhreis agus 175,124 duine i gContae na Gaillimhe, agus é ag ardú go leanúnach ar ráta seasmhach thar na deich mbliana seo caite. Sna ceantair is gaire do Chathair na Gaillimhe atá an fás is mó tagtha ar an daonra.

Bhí fás níos measctha le suntas sna ceantair tuaithe i gContae na Gaillimhe agus tá laghdú ar an daonra le feiceáil go fóill i gcuid de na toghranna sna ceantair is faide soir ó thuaidh, soir ó dheas, san iarthar agus i gceantair sléibhe an chontae.

Léirigh Daonáireamh 2011 go raibh 75.6% de na teaghlaigh phríobháideacha lonnaithe i gceantair tuaithe, go raibh an meánmhéid teaghlaigh ba mhó sa Stát sa Chontae ag 2.9, go raibh an céatadán ab airde de dhaoine sa Chontae sa chatagóir aoise 35-39, agus gur ar an gcatagóir aoise 60-64 a tháinig an méadú ba mhó ó Dhaonáireamh 2006. Tá iarmhairtí ag na déimeagrafaic sin ar sholáthar agus ar sheirbhísí leabharlainne ar fud an Chontae san am atá le theacht.

Tá féiniúlacht láidir pobail i nGaillimh mar aon le hoidhreacht chultúrtha atá saibhir agus éagsúil. Táthar ag déanamh dul chun cinn suntasach leis an bhfeabhsúchán ar an infreastruchtúr fisiciúil, sóisialta agus pobail, ar a n-áirítear leabharlanna sna bailte agus sna sráidbhailte ar fud an chontae, mar go n-aithnítear go dtugann infreastruchtúr sóisialta agus forbairt pobail tacaíocht don fhorbairt gheilleagrach, go gcuireann sé deiseanna fostaíochta ar fáil agus go bhfeabhsaíonn sé folláine agus cáilíocht na beatha do shaoránaigh an Chontae.

I nGaillimh freisin atá an Ghaeltacht is mó agus is mó a bhfuil daonra inti sa tír. Oidhreacht uathúil agus luachmhar is ea teanga agus cultúr na Gaeltachta agus tá tábhacht lárnach lena caomhnú agus lena cosaint. Leanfaidh an tseirbhís leabharlainne ar aghaidh leis an bhforbairt agus leis an leathnú ar an tseirbhís Ghaeilge, sa Ghaeltacht ach go háirithe.

## Forbhreathnú Ginearálta ar Sheirbhís Leabharlainne na Gaillimhe

Bunaíodh seirbhís leabharlainne phoiblí na Gaillimhe in 1924 agus tá sí á maoiniú ag Comhairlí Chathair agus Chontae na Gaillimhe.

Tá Leabharlann Chontae na Gaillimhe ag cur seirbhís ar fáil don dara contae is mó in Éirinn. Is é Contae na Gaillimhe an príomh-údarás agus íocann an Chomhairle Cathrach fóirdheontas.

Tá 29 leabharlann i nGaillimh ar a n-áirítear brainsí ar 4 oileán agus Leabharlann Taistil a fhreastalaíonn ar phobail tuaithe agus ar léitheoirí atá gafa sa teach agus gan aon rochtain acu ar leabharlann.

Tá deich gcinn de bhairsí lánaimseartha ann, trí cinn acu sa chathair:

- Cathair na Gaillimhe (Áras Uí Eidhin), An Baile Bán agus An Baile Thiar;
- Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Leabharlann na Ceathrún Rua, Baile Locha Riach, Órán Mór, Port Omna, Tuaim;

Sé leabharlann bhrainte pháirtaimseartha a bhíonn oscailte fiche uair an chloig nó níos mó sa tseachtain:

- Baile Átha an Rí, An Dún Mór, An Gort, Áth Cinn, An Spidéal agus Uachtar Ard;

Naoi leabharlann Phobail/Shráidbhaile a bhíonn oscailte deich n-uair an chloig sa tseachtain:

- Béal Átha Ghártha, Dún an Uchta, Gleann na Madadh, Cill Íomair, An Líonán, Leitir Fraic, Maigh Locha, Cloch na Rón agus An Ghráig.

Ceithre leabharlann phobail ar oileáin na Gaillimhe a bhíonn oscailte sé uair an chloig:

- Inis Bó Finne, Inis Meáin, Inis Oírr, Inis Mór (Cill Rónáin)

Tugann an Leabharlann Taistil cuairt ar phobail tuaithe agus ar roinnt léitheoirí atá gafa sa teach agus nach bhfuil rochtain acu ar leabharlann ar sceideal coicíse ar feadh na bliana.

Tá Ceanncheathrú na Leabharlainne lonnaithe i dTeach an Oileáin, Cearnóg na hArdeaglaise, Gaillimh, agus cuireann sé na seirbhísí/feidhmeanna seo a leanas ar fáil:

- Seirbhísí na Leabharlainne Taistil agus na leabharlann brainse.
- Seirbhísí leabharlainne do bhunscoileanna ar fud an chontae agus na cathrach.
- Seirbhís phoist do dhaoine lagamhairc ar fud an chontae agus na cathrach.
- Riarachán do na leabharlanna ar fad laistigh de phurláin na cathrach agus an chontae.
- Bailiúchán leathan de stair áitiúil, seanmhapaí, bailiúchán mór de ghrianghraif stairiúla, nuachtáin áitiúla agus bailiúcháin de bhéaloideas scoileanna ar mhicreascannán.
- Seirbhís Cartlainne ina bhfuil ábhar luachmhar cartlainne.

Bíonn foireann lánaimseartha agus pháirtaimseartha sna leabharlanna agus tá rochtain idirlín poiblí ag gach leabharlann trí ríomhairí leabharlainne. Bíonn na leabharlanna oscailte don phobal ar an Satharn ach bíonn an chuid is mó acu dúnta ar an Luan. Bíonn a lán leabharlanna oscailte go deireanach i rith na seachtaine.

Socraíodh suas na leabharlanna ar fad le stoc maith de leabhair agus déantar gach iarracht an stoc a chothabháil agus a athnuachan, rannóg na leanaí ach go háirithe.

### **Cuntas ar Sheirbhísí Leabharlainne na Gaillimhe**

Is féidir a rá go bhfuil cuid mhór pobal sa chontae in áiteanna scoite, i.e. go bhfuil siad i bhfad ó bhaile mór nó ó chathair. Tá réimse maith de leabharlanna ag Gaillimh ina lán de cheantair scoite an chontae agus tá ár leabharlann taistil ina chuid riachtanach dár seirbhís. Bíonn imeachtaí áitiúla ina ngnéithe rialta dár mbrainsí agus tacaíocht mhaith acu go hiondúil le hidirghníomhaíocht mhaith idir fhoireann na leabharlainne agus grúpaí eile, múinteoirí agus scoileanna ach go háirithe, i gceantair scoite den chontae.

Baineann a lán grúpaí úsáid as ár leabharlanna, m.sh. daoine gníomhacha ar scor, múinteoirí agus scoileanna, clubanna leabhar, grúpaí réamhscoile, taistealaithe, pobail nua, ealaíontóirí, ceoltóirí agus scríbhneoirí. Bíonn ár leabharlanna mar ionaid lárnacha pobail i gcuid mhaith áiteanna i nGaillimh.

### **Láidreachtaí Leabharlanna na Gaillimhe**

Tá seirbhísí leabharlainne na Gaillimhe mórtasach as na fostaithe inniúla agus fáilteacha atá aici a bhfuil cothabháil déanta acu ar na leibhéil seirbhísí agus méadú curtha acu ar líon na n-úsáideoirí in ainneoin na gcoinníollacha dúshlánacha a bhí acu le blianta anuas.

Tá forbairt déanta ag an tseirbhís leabharlainne ar chaidrimh láidre bhuana, idirghníomhaireachta agus pobail, le grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla i sochaí ilchineálach trí imeachtaí, seirbhísí agus scéimeanna éagsúla, i.e. scéimeanna Ógtheagmhála, Leabhar Amháin - Baile Amháin, Scéim Léitheoireachta Samhraidh, Scothleabhar na Gaillimhe, seirbhísí do thithe altránais, srl.

Cuireann an tseirbhís leabharlainne spás taispeántais ar fáil do phobail agus d'ealaíontóirí áitiúla mar aon le taispeántais náisiúnta, agus éascaíonn sí seóthaispeántais d'ábhair ar fud na cathrach agus an chontae.

Tá ballraíocht in aisce le fáil i Leabharlanna na Gaillimhe mar aon le rochtain idirlín don phobal, tá Léamh ar mhaithe le Pléisiúr Léamh ar mhaithe le Taitneamh a chur chun cinn agus á spreagadh acu go leanúnach, tá saoráidí fótachóipeála ag a bhformhór agus tá saoráidí scanta agus Wi-Fi ag cuid mhaith acu.

Tá seirbhís phoist ar fáil do dhaoine le lagamhairc agus tugann an tseirbhís leabharlainne taistil cuairt ar thithe altranais agus ar dhaoine atá gafa sa teach, rud a léiríonn an ghné chuimsithe sóisialta den tseirbhís.

### **Srianta ar an tSeirbhís Leabharlainne**

Tá tionchar imeartha ag na coinníollacha dúshlánacha geilleagracha a bhí againn le tamall ar chistí na leabhar agus ar an bhfoireann tosaigh agus gan ach fíorbheagán iomarcaíochta ag a lán de na leabharlanna i gcás saoire bhliantúil, neamhláithreach de bharr cúinsí eile, srl.

Tá cúinsí spáis ina dhúshlán ag an gCeanncheathrú, ina lán dár leabharlanna contae/cathrach agus sna stórtha.

Tá deacrachtaí úsáide ag baint le cuid de na foirgnimh chomhroinnte, i.e. spás atá á roinnt le dreamanna eile.

Tá caomhnú na gcartlann ina phríomhábhar imní, go háirithe i dtéarmaí coinníollacha stórála.

Aithnítear go dteastaíonn leabharlann nua aonair ó Chathair na Gaillimhe a bheidh in ann na seirbhísí ábhartha a chorprú (leabharlann do leanaí/daoine fásta, cartlanna, spás taispeántais, stair áitiúil, ionaid ghníomhaíochta, srl.).

### **Cuspóirí straitéiseacha**

Cuireann na leabharlanna poiblí seirbhís a bhfuil an-tóir uirthi ar fáil do chách, rud a cheadaíonn rochtain neamhlaofa agus thar na bearta ar eolas an domhain. Baineann gach duine buntáiste as na leabharlanna; seasann siad do shaoirse intleachtúil, do rannpháirtíocht dhaonlathach, do chomhtháthú pobail, do cheartas sóisialta agus do chomhionannas deiseanna. Breathnaítear ar leabharlanna mar ionad sábháilte, neamhbhreithiúnach ina bhfuil foireann atá in ann cabhrú leat.

#### **Cuireann seirbhís mhaith leabharlainne na nithe seo ar fáil:**

- Todhchaí dearfach do leanaí agus do dhaoine óga.
- Saol sásúil do dhaoine scothaosta.
- Pobail láidre, shábháilte agus inbhuanaithe.
- Féiniúlacht áitiúil agus mórtas pobail a chur chun cinn.
- Foghlaim, scileanna agus forbairt an fhórsa oibre.
- Cuidíonn sí le dea-shláinte agus le folláine.
- Cothromaíocht, comhtháthú an phobail agus ceartas sóisialta.
- Athbheochan na heacnamaíochta.

## **Straitéisí**

Sa phlean cúig bliana seo leagtar amach chur chuige uailmhianach do thodhchaí na seirbhíse leabharlainne poiblí i gCathair agus i gContae na Gaillimhe, agus moltar beartais ann chun leanúint den fhorbairt agus den seachadadh ar sheirbhís leabharlainne a bheidh in ann freastal ar riachtanais eolais, foghlamtha agus cultúrtha daoine aonarach agus pobail, agus ar an dóigh sin beidh sí ag cur leis an téarnamh geilleagrach agus leis an bhfeabhsú sóisialta agus cultúrtha.

Beidh an plan ag dul leis na pleananna atá ag Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe chun freastal ar a phobail.

## **Luachanna / Prionsabail**

Cuirfidh leabharlanna na Gaillimhe seirbhís chuimsitheach leabharlainne ar fáil dár bpobail ar na Caighdeáin aitheanta Náisiúnta agus Idirnáisiúnta Leabharlainne. Cuirfidh i bhfeidhm, nuair is féidir agus nuair is ábhartha, Deiseanna do Chách: Straitéis Náisiúnta do Leabharlanna Poiblí 2013 – 2017 agus déanfar corprú ar na caighdeáin atá molta inti.

## **Tosaíochtaí**

Tá na hocht réimse tosaíochta seo a leanas aitheanta don phlean cúig bliana. Déanfar Céimeanna Gníomhaíochta a ghrúpáil i dtaca leis na réimsí sin.

### **1. Caipiteal / Infreastruchtúr**

Is í an tosaíocht ná Mol Pobail/Cultúrtha a dhéanamh as an leabharlann áitiúil i ngach cathair, baile agus sráidbhaile.

### **2. Leabharlanna agus Rochtain**

An tosaíocht ná nádúr daonlathach agus uileghabhálach na leabharlann a chinntiú.

### **3. Bailiúcháin agus Acmhainní**

Tá sé mar thosaíocht go mbeadh bailiúchán ardchaighdeáin leabhar ar fáil agus go mbeadh rochtain ar Ríomhleabhair dhigiteacha/meáin.

### **4. Stair Áitiúil agus Cartlanna**

Tá sé mar thosaíocht go gcinnteofar go mbeidh Leabharlanna na Gaillimhe ina dtaisclann do gach stair áitiúil agus d'ábhar staidéir áitiúil

## 5. Leanaí agus Leabharlanna

Tá sé mar thosaíocht go mbeidh gach ceann dár leabharlanna ina áit speisialta do leanaí.

## 6. Cláreagrú agus Acmhainní Tacaíochta Seirbhísí

Tá sé mar thosaíocht go gcuirfear feasacht chultúrtha chun cinn trí bhailiúcháin agus cláir

## 7. Fórsa Oibre

Tá sé mar thosaíocht go gcuirfear foireann agus oiliúint chuí ar fáil

## 8. Teicneolaíocht

Tá sé mar thosaíocht go ndéanfar nuashonrú ar IT agus go mbainfear úsáid as na meáin shóisialta agus as teicneolaíocht sna leabharlanna.

### **Treoirphrionsabail le gníomhaíocht atá molta**

Tá feidhmeanna agus cláir na leabharlann poiblí díoraithe as an gcinnteacht go bhfuil leabhair agus ábhar priontáilte eile mar aon le hacmhainní idirlín ina ngníomhairí cumhachtacha, riachtanacha chun léargas, eolas nua, spreagadh agus inspioráid a thabhairt do gach ball den phobal.

#### **1. Caipiteal / Infreastruchtúr**

Is í an Tosaíocht ná Mol Pobail/Cultúrtha a dhéanamh as an leabharlann áitiúil i ngach cathair, baile agus sráidbhaile. Ionaid fháilteacha pobail is ea na leabharlanna, ionaid fóillíochta, oideachais, eolais; cuireann siad an pobal chun cinn le saol intleachtúil cruthaitheach a bheith acu, agus cuidíonn sé leo a bpaisean a aimsiú.

Ba chóir go mbeadh leabharlanna lonnaithe go háisiúil ina aice le pobail áitiúla chun a bheith inrochtana. Fiosrófar deiseanna chun saoráidí a roinnt le seirbhísí eile. Ba chóir go n-oirfeadh na huaireanta oscailte do na riachtanais agus don stíl mhaireachtála áitiúil. Ba chóir go mbeadh seirbhísí leabharlainne le fáil taobh amuigh de bhallaí na leabharlainne, ar líne agus trí sheachadadh baile araon do dhaoine aonarach leochaileacha.

Áiteanna sábháilte is ea na leabharlanna i gcroílár na bpobal, agus iad ag cur rochtana in aisce ar fáil d'acmhainní ollmhóra faisnéise, eolais agus teicneolaíochta. Bíonn foirne tiomanta acu agus bíonn siad nasctha le seirbhísí áitiúla eile. Is féidir le leabharlanna a bheith ina gcomhpháirtithe lárnacha chun déileáil le fadhbanna ó aonrú sóisialta, neamhionannas, míbhuntáiste, pobail scoilte, agus drochshláinte.



## **Gníomh:**

- **Leanfaidh leabharlanna na Gaillimhe orthu ag cur leabharlanna ar fáil i bpobail áitiúla ar fud na Gaillimhe.**
- **Déanfaidh sé athbhreithniú ar riachtanais fhoirgníochta agus déileáilfear le riachtanais áitiúla nuair is féidir.**
- **Cuirfidh leabharlanna na Gaillimhe seirbhís áitiúil leabharlainne ar fáil a bheidh cuimsitheach agus éifeachtach, agus a bheidh ar fáil ag gach duine atá ag iarraidh í a úsáid.**
- **Déanfar athbhreithniú ar na saoráidí reatha agus cinnteofar go mbeidh gach leabharlann inrochtana.**
- **Déanfar forbairt ar thogra do Leabharlann Pobail nua i gCathair na Gaillimhe le cur in ionad an fhoirgnimh atá ar léas i gCathair na Gaillimhe, in Áras Uí Eidhin agus i gCeanncheathrú na Leabharlainne i dTeach an Oileáin, agus cuirfear é sin faoi bhráid na Roinne lena fhaomhadh.**
- **Déanfar measúnú ar an infreastruchtúr agus ar riachtanais eile do na cartlanna agus réiteofar iad nuair is féidir.**

## **2. Leabharlanna agus Rochtain**

An Tosaíocht atá ann ná nádúr daonlathach agus uileghabhálach na leabharlann a chinntiú. Déanfar gach iarracht méadú a chur ar na huaireanta oscailte agus aistriú go dtí leabharlanna oscailte. Tá ár seirbhísí ar fáil do gach ball dár sochaí ach tuigimid freisin go bhfuil riachtanais ag na baill is leochailí dár sochaí, ar nós daoine gan dídean, daoine fásta a bhfuil míchumais intleachta acu, leanaí, daoine scothaosta, taistealaithe agus ár bpobail nua.

Tá sainiú déanta riamh anall ar an lucht spéise don leabharlann poiblí go bhfuil siad difriúil ó thaobh uimhreacha de ó na huasmhéideanna a mbíonn eagraíochtaí tráchtála ag díriú orthu. Ach sin ráite, níl mórán foras ann a dhéanann teagmháil chomh díreach le saolta a gcuid saoránach agus a dhéanann an leabharlann poiblí. Tagann cuairteoirí níos minice chuig an tseirbhís ó réimse níos leithne de dhaoine ná mar a tharlaíonn in aon saoráid áitiúil eile.

Cláróidh mórán an phobail mar bhall dá leabharlann áitiúil ag tráth amháin nó eile, agus sin iad úsáideoirí na leabharlainne poiblí.

Is é polasaí rochtana oscailte na Leabharlainne cloch chúinne ár seirbhíse. Tá an leabharlann ar fáil d'aon duine ó aon saghas cúlra atá ag iarraidh dul isteach inti.

Déanfaidh leabharlanna na Gaillimhe iarracht na huaireanta oscailte is fearr a bhaint amach do dhaoine aonarach agus don phobal ach ní i gcónaí gur ionann uaireanta oscailte níos fearr agus uaireanta oscailte níos faide. Is é an príomhphrionsabal ba chóir a fheidhmiú ná go mbeadh an leabharlann ar oscailt nuair is fearr a oireann sé don phobal. Cuirfidh gach seirbhís leabharlainne ar fáil na huaireanta oscailte is fearr agus is oiriúnaí don úsáideoir.

Tá an leabharlann phoiblí ar fáil don phobal ar fad agus ní d'aon rannóg ar leith ionas go mbainfidh gach duine buntáiste aisti.

### **Gníomh:**

- **Déanfaidh an leabharlann freastal ar dhaoine fásta agus ar leanaí araon, beidh sí ar fáil do gach duine agus déanfar gach iarracht freastal ar riachtanais speisialta a bheidh ag baill den phobal áitiúil.**
- **Tá athrú ag teacht ar leabharlanna na Gaillimhe agus le dóthain acmhainní leanfar den athrú, de bheith nuálach agus de bheith ag déanamh difríochta do na pobail. Caithfimid a bheith airdeallach faoi riachtanais na mball is leochailí inár sochaí, ar nós daoine gan dídean, daoine fásta a bhfuil míchumais intleachta acu, leanaí agus daoine scothaosta.**
- **Aithneoidimid riachtanais na bpobal agus na ngrúpaí éagsúla agus déanfaimid iarracht freagairt dá réir.**
- **Tríd na meáin áitiúla, nuachtáin áitiúla, na meáin shóisialta agus trí mhargaíocht áitiúil eile, déanfaidh an leabharlann iarracht aird an phobail a tharraingt ar a cuid seirbhísí, na bunseirbhísí ach go háirithe, mar aon leis an léitheoireacht a chur chun cinn.**
- **Beidh sé mar aidhm againn na huaireanta oscailte is fearr a bhaint amach (iad a mhéadú nuair is féidir) do dhaoine aonarach agus don phobal.**

### **3. Bailiúcháin agus Acmhainní**

Tá sé mar thosaíocht go ndéanfar forbairt ar bhailiúchán ardchaighdeán de leabhair i ngach ceann dár leabharlanna, go gcinnteofar go mbeidh rochtain ar Ríomhleabhair dhigiteacha/meáin agus go ndéanfar an léitheoireacht a shní i gcreatlach an chultúir chun go mbeidh sí ina crann taca don phobal. Tugann an léitheoireacht cothú don fholláine agus tá sé léirithe go mbíonn sláinte agus cáilíocht beatha níos fearr ag pobal a bhfuil leibhéal arda litearthachta acu. Tá léamh ar mhaithe le pléisiúr in ann méadú a chur ar chomhbhá, feabhas a chur ar an gcaidreamh le daoine eile, laghdú a chur ar chomharthaí dúlagair agus néaltraithe, agus feabhas a chur ar fholláine ar feadh do shaoil

Tá freagracht shoiléir agus dhiamhair ar gach duine againn atá ag obair i leabharlanna na Gaillimhe. Tá an leabharlann ar fáil d'aon duine ó aon saghas cúlra atá ag iarraidh dul isteach inti. Ní mór do na leabharlannaithe cothabháil agus daingniú a dhéanamh ar na hardchaighdeáin roghnaithe agus seirbhíse atá ina dtréithe riamh anall de choincheap na leabharlainne poiblí.

Ar an gcéad dul síos, is ina chaighdeán atá an láidreacht i mbailiúcháin leabhar na leabharlann, agus is ina dhiaidh sin a thagann an toirt, agus tá láidreacht na seirbhís leabharlainne ag brath

ar neart a bailiúchán leabhar agus gan aon ní níos tábhachtaí ná sin ach foireann na leabharlainne, mar tá foireann chumasach in ann bailiúchán den scoth a chur le chéile.

Ní mór an stoc leabhar a athnuachan go leanúnach le hábhar nua má tá corp na leabharlainne le feidhmiú mar is ceart.

### **Gníomh:**

- **Déanfaidh seirbhís leabharlainne na Gaillimhe gach dícheall chun méadú a chur ar a buiséad leabhar i rith shaol an phlean. Déanfaidh sí athnuachan agus bolscaireacht ar a stoc go leanúnach.**
- **Oibreoidh leabharlanna na Gaillimhe le daoine aonaracha agus le pobail chun forbairt a dhéanamh ar scileanna léitheoireachta agus ar an ngean ar léitheoireacht le haghaidh cruthaitheachta, eolais agus samhlaíochta.**
- **Déanfaidh leabharlanna na Gaillimhe ceannródaíocht ar an bhfeachtas An Ceart chun Cumais Léitheoireachta.**

## **4. Stair Áitiúil agus Cartlanna**

Tá sé mar thosaíocht go mbeidh Leabharlanna na Gaillimhe ina dtaisclann do gach stair áitiúil agus d'ábhar staidéir áitiúil a bhaineann le Cathair agus le Contae na Gaillimhe.

Áit an-oiriúnach don stair áitiúil is ea an leabharlann. Bíonn bailiúcháin de stair áitiúil sna leabharlanna ag croílár na bpobal. Gné thábhachtach den tseirbhís is ea caomhnú ár gcartlann poiblí. Tá na leabharlanna poiblí ina bhfócas don fhéiniúlacht chultúrtha sa phobal, ag caomhnú agus ag cur an chultúir náisiúnta agus áitiúil chun cinn, rud a chuireann deiseanna ar fáil don fhorbairt chruthaitheach agus don eispéireas comhchoiteann cultúrtha.

Leanfaidh leabharlanna na Gaillimhe den chaomhnú ar a mbailiúcháin den stair áitiúil ina phríomhbhrainse agus forbrófar clár digitithe ionas go mbeidh rochtain níos fearr ar a mbailiúcháin.

Déanfaidh seirbhís leabharlainne na Gaillimhe forbairt ar chlár bliantúil taispeántas agus imeachtaí chun bolscaireacht a dhéanamh ar a bailiúcháin.

## Gníomh:

- **Beidh sé mar aidhm ag leabharlanna na Gaillimhe forbairt a dhéanamh ar a Rannóg Staire agus Cartlainne Áitiúil.**
- **Eagrófar clár bliantúil taispeántas agus imeachtaí chun bolscaireacht a dhéanamh ar na bailiúcháin áitiúla.**
- **Déanfar bolscaireacht ar an stair áitiúil agus tacófar léi, staidéar agus taighde san áireamh.**
- **Beidh na leabharlanna i dteagmháil le pobail áitiúla agus spreagfar iad chun treoir agus cabhair a thabhairt dá leabharlanna áitiúla chun forbairt a dhéanamh ar bhailiúcháin den stair áitiúil, rud a chinnteoidh go ndéanfar caomhnú ar leabhair, irisí agus earraí áitiúla eile do na glúine amach romhainn.**

## 5. Leanaí agus Leabharlanna

Tá sé mar Thosaíocht go mbeidh gach ceann dár leabharlanna ina áit speisialta do leanaí. Tá ár leabharlanna ina spás dár leanaí, ní amháin chun fáil a bheith acu ar an litríocht ach freisin chun scileanna sóisialta a fhorbairt agus, i gcás a lán acu, foghlaim faoi theicneolaíocht nach mbeidh le fáil i gcónaí acu sa bhaile.

I gcás na n-ógánach agus na ndaoine óg, tá sé tábhachtach go mbeidh siad in ann breathnú ar leabharlanna mar a n-ionaid chultúrtha ina bpobal féin. D'fhéadfadh siad a bheith ina n-ionaid acu chun a theacht le chéile agus a n-acmhainn chruthaitheach a bhaint amach.

Más mian linn an seans is fearr ina saol a thabhairt dár leanaí, más mian linn na doirse a oscailt dóibh chun deiseanna a fháil fad a bheidh siad óg agus na scileanna a theastóidh uathu chun dul chun cinn a dhéanamh níos deireanaí a mhúineadh dóibh, ansin ceann de na freagrachtaí is mó atá orainn mar shaoránaigh, mar oideachasóirí agus mar thuismitheoirí ná a chinntiú go mbeidh gach leanbh in ann léamh agus léamh go maith. Sin mar gheall go bhfuil an litearthacht ar cheann de na gnéithe is bunúsaí den gheilleagar eolasbhunaithe ina bhfuilimid ag maireachtáil sa lá atá inniu ann.

Is í an léitheoireacht an scil thairsí lenar féidir gach saghas eile foghlama a dhéanamh, ó fhadhbanna coimpléascacha foclaíochta agus míniú ár staire go dtí an fhionnachtain eolaíoch agus an inniúlacht theicneolaíoch.

Na leanaí sin a fhoghlaimíonn chun sásamh a bhaint as léitheoireacht agus iad óg, leanann siad den léitheoireacht ar feadh a saoil. Chun gean ar an léitheoireacht a fhorbairt, caithfidh fáil a bheith ag leanaí ar leabhair a spreagfaidh a samhlaíocht, a theagmhóidh lena gcuid mothúchán agus a mhéadóidh a léargas ar an saol. Le bailiúchán maith de leabhair leanaí i ngach ceann dár leabharlanna, ní amháin go gcuirfidh siad siamsaíocht ar fáil ach tabharfaidh siad oideachas agus spreagadh do na hinchinní óga chun dul ag smaointeoireacht, ag machnamh agus ag samhlú.

## Gníomh:

- **Bailiúchán d'ábhar agus do leabhair leanáí a bheith i ngach leabharlann bhraínse agus a chinntiú go ndéanfar na bailiúcháin sin a nuashonrú go rialta.**
- **Dóthain spáis a bheith i ngach leabharlann bhraínse ionas go mbeidh deis leathnaithe agus fáis ag traidisiún iontach na scéalaíochta agus ag gníomhaíochtaí eile leanáí.**
- **Beimid ag nascadh le foirne sna scoileanna agus le grúpaí eile chun an tseirbhís leabharlainne a chur chun cinn.**
- **Eagróimid cuairteanna rialta leathbhliantúla ó mhic léinn as na meánscoileanna agus na bunscoileanna go léir chuig an leabharlann bhraínse is gaire dóibh. Le linn gach cuairte, spreagfar na mic léinn chun ballraíocht a ghlacadh sa leabharlann.**
- **Beidh sé mar aidhm againn réimse aontaithe de sheirbhísí a chur ar fáil do scoileanna.**
- **Oibreoidimid le heagraíochtaí aitheanta luath-óige i nGaillimh agus cuirfimid réimse aontaithe seirbhísí ar fáil dóibh.**

## 6. Cláreagrú agus Acmhainní Tacaíochta Seirbhísí

Tosaíocht phríomha is ea feasacht chultúrtha a chur chun cinn trí bhailiúcháin agus clár a shásaíonn mian ár léitheoirí agus ár bpobail agus chun cuidiú leo tuiscint agus meas a fháil ar a n-oidhreacht chultúrtha féin agus ar chinn grúpaí eile. Nuair is féidir, cuirfidh an Leabharlann feasacht chun cinn faoi dhreamanna agus faoi chultúir eile.

Feidhmeoidh gach leabharlann clár pleanáilte de rannpháirtíocht pobail, tairgfídh siad réimse leathan de chláir théamúla cultúir, bunaithe ar na bunseirbhísí mar atá imlínithe, chun spreagadh a thabhairt agus feabhas a chur ar úsáid na leabharlainne agus feidhmeofar beartais aoisbhácha de réir na dTreoirínte Aoisbhácha do leabharlanna poiblí i ngach ionad seirbhíse.

Cuirfidh na leabharlanna líon, réimse agus caighdeán dóthanach ábhair ar fáil chun freastal ar riachtanais ghinearálta agus shonracha na ndaoine atá sa phobal.

Lena chois sin, beidh sé mar aidhm ag seirbhís leabharlainne na Gaillimhe clár de ghníomhaíochtaí eolais gnó a chur ar fáil, ar a n-áirítear acmhainní cuí agus treoir thaighde a sholáthar, oibriú i gcomhar le hOifigí Fiontair Áitiúla, Oifigí Intreo, comhlachtaí leasa áitiúla gnó agus fiontraíochta, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí pobail.

Go traidisiúnta, ba í seirbhís na leabharlainne taistil an bealach a bhí ann le freastal ar phobail scoite faoin tuath. Leanfaidh an tseirbhís sin uirthi ag díriú ar roinnt scoileanna, saoráidí cúram cónaithe, agus daoine atá gafa i dtithe de bhreis ar shráidbhailte beaga agus, trí chur chuige solúbtha, beidh sé mar aidhm leathnú amach chuig ceantair scoite eile de Ghailimh.

**Gníomh:**

- Déanfaimid pleanáil ar chlár bliantúil d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí inár leabharlanna agus cuirfear chun cinn iad dá réir.
- Déanfaimid bolscaireacht ar eispéireas na litríochta agus ar chur chun cinn na mbailiúchán leabharlainne trí chainteanna ó údair, grúpaí léitheoireachta, scéalaíocht agus trí bhailiúchán agus roghnú samhlaíoch ar an stoc.
- Cuirfimid clár ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar an litearthacht eolais, inniúlacht ICT, foghlaim teaghlaigh agus pobail agus ar scileanna don saol.
- Leanfaimid den teagmháil le grúpaí pobail áitiúla, le comhlachtaí reachtúla agus deonacha.
- Déanfaimid bolscaireacht ar ghnó, fiontraíocht agus cuardach poist agus tacóimid leo.

## **7. Fórsa Oibre**

Tá sé mar thosaíocht go gcuirfear dóthain foirne agus oiliúint chuí ar fáil dár leabharlanna ionas go mbeidh na leabharlannaithe in ann a bheith ina speisialtóirí ag an bpobal i dtaca le leabhair agus ábhair eolasacha eile. Beidh ár bhfoireann oilte in eolas áitiúil agus beidh siad in ann an t-ábhar ceart a roghnú do riachtanais shonracha a bpobail.

Cuid riachtanach de sheirbhís leabharlainne is ea foireann oilte a bheith ar fáil agus beidh sé mar aidhm ag leabharlanna na Gaillimhe leanúint ar aghaidh leis an bhfeabhsú ar scileanna a bhfórsaí oibre agus plean náisiúnta don fhórsa oibre a chur i bhfeidhm mar atá molta do Ghaillimh ionas go gcuirfear fáil ar leabharlanna poiblí a bheidh níos láidre, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí i gcomhthéacs an athchóirithe agus na seirbhísí comhroinnte sa rialtas áitiúil.

Cuirfidh ár leabharlannaithe ar chumas gach ball den phobal rochtain a fháil ar an teicneolaíocht atá riachtanach chun feidhmiú i sochaí na linne seo. Feidhmeoidh ár leabharlannaithe mar threoraithe litríochta agus eolais, agus cuideoidh siad le baill dá bpobail chun úsáid iomlán a bhaint as ár seirbhísí leabharlainne.

Tabharfar tacaíocht do bhaill foirne atá i róil thosaigh sna seirbhísí custaiméirí le hacmhainní do phleanáil agus cur chun cinn seirbhísí, ceannasaíocht agus bainistíocht, agus sna réimsí sin den seachadadh seirbhísí a bhfuil gá le scileanna agus saineolas speisialtóireachta.

**Gníomh:**

- Déanfaidh leabharlanna na Gaillimhe earcaíocht agus cothabháil chiallmhar ar dhóthain uimhreacha de bhaill foirne
- Tabharfaidh leabharlanna na Gaillimhe tacaíocht agus spreagadh do phlean oiliúna agus forbartha - ag aithint na scileanna a theastaíonn chun cuidiú le fórsa oibre na leabharlann an tseirbhís a chur ar fáil agus glacadh le róil nua mar chuid den soláthar seirbhíse níos leithne
- Plean fhórsa oibre sheirbhís leabharlainne na Gaillimhe a chur i bhfeidhm

## 8. Teicneolaíocht

Tá sé mar thosaíocht go gcuirfear seirbhísí agus bailiúcháin ghinearálta faisnéise agus tagartha ar fáil i gcló agus trí theicneolaíocht. Beidh cuid mhór de na hacmhainní sin ag tabhairt léiriú díreach ar riachtanais an phobail.

Ardáin Dhigiteacha: Beidh na leabharlanna ina gceannródaithe do sholáthar seirbhísí digiteacha inrochtana don phobal. Glacaimid go fonnmhar leis an teicneolaíocht nua agus cuirimid rochtain ar oideachas ar fáil dár bpobal mar aon le hoideachas a chur ar an bpobal in úsáid na teicneolaíochta ionas go seachnófar eisiamh teicneolaíochta agus go gcuirfear litearthacht dhigiteach chun cinn.

Tá na leabharlanna ina bpointe iontrála do phobail chun a theacht ar theicneolaíocht nua ar nós priontáil 3D, néaiseirbhísí, teicneolaíocht scáileán tadhaill, Wi-Fi neamhshrianta in aisce, agus ríomhlitríocht. Trí na seirbhísí sin a chur ar fáil d'úsáideoirí ár leabharlanna go léir, cuairteoirí san áireamh, cuideoidh sé leis an turasóireacht agus le saoránacht dhigiteach, agus cuirfidh sé ar chumas gach ball dár bpobal a theacht ar an teicneolaíocht atá riachtanach chun feidhmiú i sochaí na linne seo.

Déanfaidh seirbhís leabharlainne uasghrádú ar sheachadadh a cuid seirbhísí trí úsáid a bhaint as forbairtí teicneolaíochta ar bhonn leanúnach chun feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora agus cur leis an seachadadh seirbhíse. Cuideoidh an tseirbhís le nuálaíocht dhigiteach, ag baint an leasa is fearr as na córais agus as na meáin dhigiteacha chun méadú a chur ar réimse, ábharthacht agus inrochtaineacht na seirbhísí leabharlainne d'úsáideoirí agus d'údaráis áitiúla.

Mar thagamharc, cuirfidh Leabharlann na Gaillimhe na nithe seo ar fáil: Rochtain Wi-Fi sna brainsí go léir mar aon le spás foghlama agus tacaíocht d'fhorbairt scileanna IT, agus déanfar gach dícheall Aitheantas Radaimhnicíochta (RFID) a sheoladh, nuair is ábhartha, ar fud ár leabharlanna i rith shaolré an phlean.

Glacfaidh na leabharlannaithe go fonnmhar leis an teicneolaíocht nua agus cuirfidimid rochtain ar oideachas ar fáil dár bpobal mar aon le hoideachas a chur ar chuid de na pobail in úsáid na teicneolaíochta ionas go seachnófar eisiamh teicneolaíochta agus go gcuirfear litearthacht dhigiteach chun cinn. Cuirfidh sé sin ar chumas daoine aonaracha agus pobail rochtain a fháil agus úsáid a bhaint as ICT, m.sh. do chaidreamh, taispeántais agus léiriúcháin chultúrtha.

Aithneofar brainsí do leabharlanna oscailte agus, nuair is cuí, do theicneolaíocht a bheidh oiriúnaithe le cur ar chumas daoine rochtain a fháil ar shaoráidí leabharlainne lasmuigh de na príomh-amanna oibre.

Áirithe sa chumasú digiteach beidh foráil de rochtain uilíoch Wi-Fi, ríomhiasachtú, gréasán digiteach comhroinnte agus ábhar den scoth.

Aithnímid an Gréasán agus na Meáin Shóisialta mar acmhainn thábhachtach faisnéise agus, lena chois sin, mar bhealach tábhachtach chun eolas a fhoilsiú agus a sheachadadh.

Cuirfidh gach leabharlann rochtain ar líne ar fáil chuig clárú ar líne, ceisteanna tagartha, Ríomhleabhair, tréimhseacháin agus acmhainní ríomhoideachais.

### **Gníomh:**

- **An LMS (Córas Bainistithe Leabharlainne) a chur i bhfeidhm inár leabharlanna go léir.**
- **Rochtain Wi-Fi a leathnú chuig ár leabharlanna go léir.**
- **Saoráidí priontála agus scanta a chur ar fáil inár leabharlanna go léir agus an teicneolaíocht SurfBox a chur i bhfeidhm i bhfiche leabharlann.**
- **Priontáil 3-D a chur ar fáil i gceann amháin de na leabharlanna ar a laghad.**
- **Cuirfidh feabhas ar ár seirbhís closleabhair do dhaoine lagamhairc trí fheidhm a bhaint as teicneolaíochtaí nua atá sa réimse sin, i.e. ár seirbhís iasachtaithe do dhaoine lagamhairc a chomhtháthú le seirbhís ríomh-chlosleabhair.**
- **Cuirfidh ceamaraí Gréasáin ar fáil ar ár ríomhairí poiblí ar fad.**
- **Cuirfidh iPadanna nó táibléid ar fáil don phobal i roinnt de na leabharlanna i gCathair agus i gContae na Gaillimhe**
- **Déanfaimid ár láithreán gréasáin níos áisiúla d'úsáideoirí agus beidh ár láithreán inrochtana do dhaoine lagamhairc.**
- **Bainfidh feidhm as úsáid na meán sóisialta.**
- **Déanfaimid ábhar a dhigitiú agus a dhéanamh inrochtana ar an ngréasán, go háirithe ábhar staire áitiúil, grianghraif agus sean-nuachtáin.**

### **Nóta**

**Déanfar na straitéisí ar fad thuasluaite (1-8) a phleanáil, a fhorbairt agus a sheachadadh de réir na dtagarmharcanna/moltaí atá leagtha síos sa cháipéis náisiúnta “Caighdeán Leabharlann Phoiblí agus Tagarmharcanna, Straitéis Leabharlanna Poiblí 2013-2017”**



## **Tionscadail Leabharlainne Brainse atá Molta agus Aitheanta 2016-2021**

### **Lárleabharlann Pobail i nGaillimh**

Tá an príomh-leabharlann i nGaillimh - Leabharlann Chathair na Gaillimhe, Áras Uí Eidhin (áitreabh atá ar léas) agus ceanncheathrú Leabharlann na Gaillimhe, Teach an Oileáin - lonnaithe i bhfoirgnimh atá ar léas. Tá na costais léasaithe an-chostasach. Tá Gaillimh ar cheann den bheagán údarás leabharlainne sa tír nach bhfuil a príomh-shaoráid i bhfoirgneamh atá in úinéireacht an údaráis áitiúil.

Ó 1941, tá iarrachtaí éagsúla déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Lárleabharlann agus Ceanncheathrú Leabharlainne ceart a chur ar fáil do Chontae agus Cathair na Gaillimhe.

In 2002, chuir an t-údarás áitiúil pleananna i bhfearas do mhéadú suntasach ar oifigí reatha na Comhairle Contae agus aontaíodh go mbeadh foráil ann do Lárleabharlann agus do Cheanncheathrú Leabharlainne nua mar chuid den fhorbairt, ach ar an drochuair ní dheachaigh an tionscadal thar an gcéim phleanála.

**Gníomh: Suíomh oiriúnach a fháil mar aon leis an maoiniú a bheidh riachtanach do Lárleabharlann Cultúrtha Pobail ina mbeidh na seirbhísí ábhartha ar fad (Cartlannú, Ábhar do Leanaí, Stair Áitiúil, srl.) i nGaillimh chun freastal ar riachtanais na Cathrach agus an Chontae araon agus tacaíocht á fháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, i measc dreamanna eile, chun dul ar aghaidh leis an tionscadal sin i rith shaolré an phlean seo.**

### **Leabharlanna Brainse Eile**

Tar éis saoráidí nua leabharlainne a chur ar fáil ag ionaid éagsúla i rith shaolré an phlean reatha, ní mór dúinn measúnú a dhéanamh anois ar riachtanais na bpobal ar fud na cathrach agus an chontae i gceantair a meastar nach bhfuil dóthain seirbhísí iontu. Agus forbairtí den chineál sin á meas, ní mór dúinn smaoineamh ar na sriantachtaí reatha buiséid atá orainn agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag brainsí nua ar chostais chaipitil agus oibríochta. Agus sin ráite, tá sé de dhualgas orainn leanúint den fhorbairt ar ár seirbhísí leis na hacmhainní atá ar fáil againn, mar sin caithfidh a bheith físeach agus pleanáil dá réir agus go cuí. Á chur sin san áireamh, leanfaimid orainn ag fiosrú bealaí chun ár seirbhís a leathnú amach chuig na pobail sin atá ag fás, mar atá Bearna/Cnoc na Cathrach, Carna, Baile Chláir, Cinn Mhara, An Creagán, Maigh Cuilinn, srl. Cé go bhfuil sé tábhachtach go n-aithneofaí ceantair a bhfuil ár seirbhísí le forbairt iontu, caithfidh a bheith tíosach i roghnú agus i seachadadh na dtionscadal, mar sin beidh na breithniúcháin ar fad ar aon dul leis an mbuiséad atá againn.

## Cothabháil ar fhoirgnimh agus ar sheirbhísí reatha

Leanfaidh an tseirbhís leabharlainne den chothabháil ar na foirgnimh reatha agus déanfaimid gach iarracht ár saoráidí a choinneáil sa riocht is fearr is féidir laistigh dár sriantachtaí buiséid i rith shaolré an phlean. D’ainneoin sin, déanfaimid measúnú ar uasghrádú/athchóiriú agus ar shíntí níos suntasaí a chur ar ár leabharlanna i bPort Omna, Uachtar Ard agus Baile Átha an Rí i measc áiteanna eile, ag brath ar an leibhéal maoinithe, ar chriticiúlacht an cháis agus ar riachtanais an phobail ag aon am ar leith.

## Conclúid

Do na daoine atá an leabharlann phoiblí ann agus caithfimid iomaíocht láidir a dhéanamh i gcónaí nuair a thagann an t-am chun a sciar den airgead poiblí a lorg.

Cé go bhfuil dúshláin ilréimseacha laistigh d’earnáil ár rialtas áitiúil, tá agus beidh na leabharlanna ina gcuid lárnach dár bpobal agus dár sochaí agus iad ag imirt tionchair ar shaol daoine ag gach leibhéal aoise. Mar sin, tá sé tábhachtach go leanfaimid orainn ag cur acmhainní ar fáil dár seirbhísí agus go leanfaimid orainn ag leathnú ár dteorainneacha i dtéarmaí maoinithe chun tuilleadh nirt a thabhairt don tseirbhís a chuirimid ar fáil dár bpobail.

Chun na tograí atá sa tionscadal seo a chur i bhfeidhm beidh gá le

- Infheistíocht chaipitil inár n-infreastruchtúr tógtha de thart ar €15m-€20m
- Méadú stuama agus measta ar an mbuiséad oibríochta thar shaolré an phlean
- Ceangaltas leanúnach chun ár gciste leabhar a mhéadú thar shaolré an phlean
- Forbairt agus infheistíocht a dhéanamh inár n-acmhainní daonna reatha in iarracht lenár bhfórsa oibre a neartú thar shaolré an phlean
- Ceangaltas go mbainfear úsáid as an teicneolaíocht mar chumasóir chun ár seirbhís a fheabhsú
- Ceangaltas go méadófar ár seirbhísí chuig na pobail áitiúla faoi seach

An Clár Forbartha do Leabharlann na Gaillimhe 2016 – 2021

Eisiúintí 2006	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	4393	71389	48685	90732	<b>215199</b>
Contae	7391	108617	50617	152366	<b>318991</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>11784</b>	<b>180006</b>	<b>99302</b>	<b>243098</b>	<b>534190</b>
Eisiúintí 2007	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	5692	71530	49919	96646	<b>223787</b>
Contae	11000	109539	49733	155176	<b>325448</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>16692</b>	<b>181069</b>	<b>99652</b>	<b>251822</b>	<b>549235</b>
Eisiúintí 2008	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	6947	75482	54654	106323	<b>243406</b>
Contae	13465	113859	50492	178512	<b>356328</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>20412</b>	<b>189341</b>	<b>105146</b>	<b>284835</b>	<b>599734</b>
Eisiúintí 2009	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	8010	79109	54949	117138	<b>259206</b>
Contae	13697	116338	52554	193974	<b>376563</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>21707</b>	<b>195447</b>	<b>107503</b>	<b>311112</b>	<b>635769</b>
Eisiúintí 2010	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	8177	77724	53146	118048	<b>257095</b>
Contae	11460	117400	51168	198864	<b>378892</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>19637</b>	<b>195124</b>	<b>104314</b>	<b>316912</b>	<b>635987</b>
Eisiúintí 2011	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	7888	76982	52126	119246	<b>256242</b>
Contae	9644	120090	51129	223003	<b>403866</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>17532</b>	<b>197072</b>	<b>103255</b>	<b>342249</b>	<b>660108</b>
Eisiúintí 2012	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	7928	75752	48946	118111	<b>250737</b>
Contae	9454	119727	49290	228610	<b>407081</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>17382</b>	<b>195479</b>	<b>98236</b>	<b>346721</b>	<b>657818</b>
Eisiúintí 2013	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	7807	80150	50642	160356	<b>298955</b>
Contae	8354	117295	46559	242711	<b>414919</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>16161</b>	<b>197445</b>	<b>97201</b>	<b>403067</b>	<b>713874</b>
Eisiúintí 2014	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	7192	73733	46445	159627	<b>286997</b>
Contae	7735	103751	43090	240195	<b>400150</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>14927</b>	<b>177484</b>	<b>89535</b>	<b>399822</b>	<b>687147</b>
Eisiúintí 2015	AV/Fuaim	Ficsean	Neamhfhicsean	Óige	Iomlán
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	5612	73870	43938	155924	<b>279344</b>
Contae	7244	105151	42120	252863	<b>412549</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>12856</b>	<b>179021</b>	<b>86058</b>	<b>408787</b>	<b>691893</b>

An Clár Forbartha do Leabharlann na Gaillimhe 2016 – 2021

Baill in 2006	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	9171	5197	<b>14368</b>
Contae	10537	9038	<b>19575</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>19708</b>	<b>14235</b>	<b>33943</b>
Baill in 2007	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	9226	5771	<b>14997</b>
Contae	11005	9664	<b>20669</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>20231</b>	<b>15435</b>	<b>35666</b>
Baill in 2008	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	9462	5936	<b>15398</b>
Contae	11234	10911	<b>22145</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>20696</b>	<b>16847</b>	<b>37543</b>
Baill in 2009	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	9817	6151	<b>15968</b>
Contae	11863	11702	<b>23565</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>21680</b>	<b>17853</b>	<b>39533</b>
Baill in 2010	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	9653	6383	<b>16036</b>
Contae	11795	12537	<b>24332</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>21448</b>	<b>18920</b>	<b>40368</b>
Baill in 2011	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	9222	6249	<b>15471</b>
Contae	11685	13319	<b>25004</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>20907</b>	<b>19568</b>	<b>40475</b>
Baill in 2012	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	8968	6650	<b>15618</b>
Contae	11613	13313	<b>24926</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>20581</b>	<b>19963</b>	<b>40544</b>
Baill in 2013	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	8339	6431	<b>14770</b>
Contae	10943	13091	<b>24034</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>19282</b>	<b>19522</b>	<b>38804</b>
Baill in 2014	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	7790	6091	<b>13881</b>
Contae	10192	11995	<b>22187</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>17982</b>	<b>180086</b>	<b>36068</b>
Baill in 2015	Duine Fásta	LEANAÍ	IOMLÁN
3 Leabharlann Cathrach	7823	6026	<b>13849</b>
Contae	10219	11970	<b>22189</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>18042</b>	<b>17996</b>	<b>36038</b>

An Clár Forbartha do Leabharlann na Gaillimhe 2016 – 2021

<b>Idirlíon 2006</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2006</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	29004	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	353619
<b>Contae</b>	48518	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	77522	<b>IOMLÁN</b>	
<b>Idirlíon 2007</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2007</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	29528	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	284570.5
<b>Contae</b>	42613	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	72141	<b>IOMLÁN</b>	
<b>Idirlíon 2008</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2008</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	29058	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	380589
<b>Contae</b>	41360	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	70418	<b>IOMLÁN</b>	
<b>Idirlíon 2009</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2009</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	32380	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	329794
<b>Contae</b>	38647	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	71027	<b>IOMLÁN</b>	
<b>Idirlíon 2010</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2010</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	31826	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	317217
<b>Contae</b>	35255	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	67081	<b>IOMLÁN</b>	
<b>Idirlíon 2011</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2011</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	33224	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	315480
<b>Contae</b>	35926	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	69150	<b>IOMLÁN</b>	
<b>Idirlíon 2012</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2012</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	27658	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	300232
<b>Contae</b>	35719	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	63377	<b>IOMLÁN</b>	
<b>Idirlíon 2013</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2013</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	28660	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	316132
<b>Contae</b>	34249	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	62909	<b>IOMLÁN</b>	
<b>Idirlíon 2014</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2014</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	27013	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	309382
<b>Contae</b>	26630	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	53643	<b>IOMLÁN</b>	
<b>Idirlíon in 2015</b>	Idirlíon	<b>Cuairteanna in 2015</b>	Cuairteanna
<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	25934	<b>3 Leabharlann Cathrach</b>	308458
<b>Contae</b>	25593	<b>Contae</b>	
<b>IOMLÁN</b>	51527	<b>IOMLÁN</b>	

